Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**17010/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0420 (COD)**

**CLIMA 617**
**ENV 1417**
**TRANS 661**
**MI 1083**
**COMPET 1377**
**CODEC 2172**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Nollaig 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 995 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 d'fheithiclí saothair éadroim nua agus lipéadú feithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/94/CE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 995 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 995 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 16.12.2025
COM(2025) 995 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/631 a mhéid a bhaineann le caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 d'fheithiclí saothair éadroim nua agus lipéadú feithiclí agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/94/CE**

{SEC(2025) 995 final} - {SWD(2025) 1057 final} - {SWD(2025) 1058 final} - {SWD(2025) 1059 final}

GA GA

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) i gCuid A, cuirtear an pointe 7 seo a leanas isteach:

‘7. Creidmheasanna breosla agus creidmheasanna cruach ísealcharbóin.

7.1. Creidmheasanna cruach ísealcharbóin

| |
|---|
| Creidmheasanna cruach ísealcharbóin = coigiltis GCT $_{\text{cruach ísealcharbóin}}$ [kg$CO_2$/t cruach] * cainníocht na cruach ísealcharbóin arna déanamh san Aontas agus arna húsáid ag monaróirí i ngluaisteáin paisinéirí sa bhliain féilire [t]/(gluaisteáin nua * míleáiste)<br><br>Agus na rialacha uile a shainítear in Airteagal 5b á gcur san áireamh |

i gcás inarb é:

| | |
|---|---|
| coigiltis GCT$_{\text{cruach ísealcharbóin}}$ | déine astaíochtaí $CO_2$ na cruach bunlíne – meándéine astaíochtaí $CO_2$ na cruach ísealcharbóin arna déanamh san Aontas agus arna húsáid ag monaróir i ngluaisteáin paisinéirí [kg $CO_2$/t cruach] sa bhliain féilire |
| gluaisteáin nua | líon na ngluaisteán nua paisinéirí a chláraítear sa bhliain féilire agus a bhfuil an monaróir freagrach astu |
| míleáiste | meánmhíleáiste saoil na ngluaisteán paisinéirí, atá socraithe ag 240 000 [km] |

7.2. Creidmheasanna breosla

| | |
|---|---|
| creidmheasanna breosla | suim an mhéid seo a leanas, i gcás na mbreoslaí incháilithe uile dá dtagraítear in Airteagal 5a(2):<br>$$Q_{fuel} * GHGsavings * \frac{fuelsharecars}{newcars * mileage}$$<br>Agus na rialacha uile a shainítear in Airteagal 5a á gcur san áireamh |

i gcás inarb é:

| | |
|---|---|
| C breosla | i gcás gach breosla, an chainníocht fuinnimh a chuirtear ar mhargadh an Aontais le haghaidh earnáil an iompair ar bóthar, mar a thuairiscítear i mbunachar sonraí an Aontais a bunaíodh de |

| | |
|---|---|
| | bhun Airteagal 31a de Threoir (AE) 2018/2001 [MJ] |
| coigiltis GCT | i gcás gach breosla, an difríocht idir an comparadóir breosla iontaise agus déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an bhreosla mar a thuairiscítear i mbunachar sonraí an Aontais arna bhunú de bhun Airteagal 31a de Threoir (AE) 2018/2001 [g $CO_2$e/MJ] |
| comparadóir breosla iontaise | mar a shainítear i bpointe 19 de Chuid C d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 i gcás bithbhreoslaí, i bpointe 19 de Chuid B d'Iarscríbhinn 6 a ghabhann leis an Treoir sin i gcás bithgháis, agus i bpointe 2 de Chuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185 ón gCoimisiún i gcás breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch |
| sciar breosla gluaisteán | cainníocht iomlán na mbreoslaí a úsáideann gluaisteáin paisinéirí, mar chion de chainníocht iomlán na mbreoslaí a úsáidtear san iompar ar bóthar san Aontas, mar a fhoilsítear i bhfardal gás ceaptha teasa an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide ('an Rialachán maidir le Rialachas') |
| gluaisteáin nua | líon iomlán na ngluaisteán nua paisinéirí atá cláraithe |
| míleáiste | meánmhíleáiste saoil na ngluaisteán paisinéirí, atá socraithe ag 240 000 [km] |

Maidir leis na paraiméadair 'C breosla', 'coigiltis GCT', 'sciar breosla gluaisteán' agus 'gluaisteáin nua', is iad na sonraí atá le húsáid sonraí na bliana féilire 2 bhliain roimh an spriocbhliain nó, i gcás nach bhfuil na sonraí sin ar fáil, sonraí na bliana féilire is déanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith.'

(b) i gCuid B, pointe 6.3.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró '$ø_{spriocanna}$':

'

| | |
|---|---|
| $ø_{spriocanna}$ | meán na spriocanna tagartha uile i leith astaíochtaí sonracha, ualaithe de réir líon na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua atá ag gach monaróir aonair a cláraíodh in 2024, arna chinneadh i gcomhréir le pointe 6.2.1 ach a ríomhtar TM agus TM0 ina leith ar bhonn mhais tástála na bhfeithiclí a cláraíodh in 2024; |

'

(c) i gCuid B, pointe 6.3.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró '$ø_{spriocanna}$':

'

| | |
|---|---|
| $ø_{spriocanna}$ | meán na spriocanna tagartha uile i leith astaíochtaí sonracha, ualaithe de réir líon na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua atá ag |

| | |
|---|---|
| | gach monaróir aonair a chlárófar in 2028, arna chinneadh i gcomhréir le pointe 6.2.2 ach a ríomhtar TM agus TM0 ina leith ar bhonn mhais tástála na bhfeithiclí a chlárófar in 2028; |

’

(d) i gCuid B, pointe 6.3.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró ‘$ø_{spriocanna}$’:

‘

| | |
|---|---|
| $ø_{spriocanna}$ | meán na spriocanna tagartha uile i leith astaíochtaí sonracha, ualaithe de réir líon na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua atá ag gach monaróir aonair a chlárófar in 2033, arna chinneadh i gcomhréir le pointe 6.2.3 ach a ríomhtar TM agus TM0 ina leith ar bhonn mhais tástála na bhfeithiclí a chlárófar in 2033; |

’

(e) i gCuid B, cuirtear an pointe 7 seo a leanas léi:

‘7. Creidmheasanna breosla agus creidmheasanna cruach ísealcharbóin.

7.1. Creidmheasanna cruach ísealcharbóin

| |
|---|
| Creidmheasanna cruach ísealcharbóin = coigiltis $GCT_{cruach\ ísealcharbóin}$ [kg$CO_2$/t cruach] * cainníocht na cruach ísealcharbóin arna déanamh san Aontas agus arna húsáid ag monaróirí i bhfeithiclí tráchtála éadroma sa bhliain féilire [t]/(veaineanna nua * míleáiste)<br><br>Agus na rialacha uile a shainítear in Airteagal 5b á gcur san áireamh |

i gcás inarb é:

| | |
|---|---|
| coigiltis $GCT_{cruach\ ísealcharbóin}$ | déine astaíochtaí $CO_2$ na cruach bunlíne – meándéine astaíochtaí $CO_2$ na cruach ísealcharbóin arna déanamh san Aontas agus arna húsáid ag monaróir i bhfeithiclí tráchtála éadroma [kg $CO_2$/t cruach] sa bhliain féilire |
| veaineanna nua | an líon feithiclí tráchtála éadroma nua a chláraítear sa bhliain féilire agus a bhfuil an monaróir freagrach astu |
| míleáiste | meánmhíleáiste saoil na bhfeithiclí tráchtála éadroma, atá socraithe ag 300 000 [km] |

7.2. Creidmheasanna breosla

| | |
|---|---|
| creidmheasanna breosla | suim an mhéid seo a leanas, i gcás na mbreoslaí incháilithe uile dá dtagraítear in Airteagal 5a(2): |

| | |
|---|---|
| | $$Q_{fuel} * GHGsavings * \frac{fuelsharevans}{newvans * mileage}$$ Agus na rialacha uile a shainítear in Airteagal 5a á gcur san áireamh |

i gcás inarb é:

| | |
|---|---|
| C breosla | i gcás gach breosla, an chainníocht fuinnimh a chuirtear ar mhargadh an Aontais le haghaidh earnáil an iompair ar bóthar, mar a thuairiscítear i mbunachar sonraí an Aontais a bunaíodh de bhun Airteagal 31a de Threoir (AE) 2018/2001 [MJ] |
| coigiltis GCT | i gcás gach breosla, an difríocht idir an comparadóir breosla iontaise agus déine astaíochtaí gás ceaptha teasa an bhreosla mar a thuairiscítear i mbunachar sonraí an Aontais arna bhunú de bhun Airteagal 31a de Threoir (AE) 2018/2001 [g $CO_2$e/MJ] |
| comparadóir breosla iontaise | mar a shainítear i bpointe 19 de Chuid C d'Iarscríbhinn 5 a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 i gcás bithbhreoslaí, i bpointe 19 de Chuid B d'Iarscríbhinn 6 a ghabhann leis an Treoir sin i gcás bithgháis, agus i bpointe 2 de Chuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1185 ón gCoimisiún i gcás breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch |
| sciar breosla veaineanna | cainníocht iomlán na mbreoslaí a úsáideann feithiclí tráchtála éadroma, mar chion de chainníocht iomlán na mbreoslaí a úsáidtear san iompar ar bóthar san Aontas, mar a fhoilsítear i bhfardal gás ceaptha teasa an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide ('an Rialachán maidir le Rialachas') |
| veaineanna nua | líon iomlán na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua atá cláraithe |
| míleáiste | meánmhíleáiste saoil na bhfeithiclí tráchtála éadroma, atá socraithe ag 300 000 [km] |

Maidir leis na paraiméadair 'C breosla', 'coigiltis GCT', 'sciar breosla veaineanna' agus 'veaineanna nua', is iad na sonraí atá le húsáid sonraí na bliana féilire 2 bhliain roimh an spriocbhliain nó, i gcás nach bhfuil na sonraí sin ar fáil, sonraí na bliana féilire is déanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith. '

Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) i gCuid A (1a), cuirtear na pointí (22) agus (23) seo a leanas leis:

'(22) Fad'

'(23) "Déanta san Aontas Eorpach";

(b) sa tábla i gCuid B, Roinn 2A, cuirtear na rónna (22) agus (23) seo a leanas leis:

‘

| | | |
|---|---|---|
| (22) | Fad | 5 |
| (23) | Déanta san Aontas Eorpach | |

’

Cuirtear Iarscríbhinn IIIa isteach mar a leanas:

***‘Iarscríbhinn IIIa***

***Lipéadú Feithiclí***


**CUID 1: An paraiméadar feithicle ‘astaíochtaí $CO_2$’ a ghrádú**

Cinnfear an aicme astaíochtaí $CO_2$ de réir an scála ‘A’ go ‘G’ a shonraítear sa tábla thíos, ar bhonn luach pharaiméadar 5 (‘astaíochtaí $CO_2$’) mar a shainítear i gCuid 2 den Iarscríbhinn seo.

| **Aicme astaíochtaí $CO_2$** | **Aicme astaíochtaí $CO_2$ in g/km le haghaidh chatagóir feithicle M1** | **Aicme astaíochtaí $CO_2$ in g/km le haghaidh chatagóir feithicle N1** |
|---|---|---|
| A | 0 | 0 |
| B | 1 go 25 | 1 go 25 |
| C | 26 go 50 | 26 go 50 |
| D | 51 go 75 | 51 go 100 |
| E | 76 go 100 | 101 go 150 |
| F | 101 go 125 | 151 go 200 |
| G | 126 agus níos airde | 201 agus níos airde |

## CUID 2: Ábhar agus formáid an lipéid feithicle

(a) Lipéad feithicle caighdeánach




Eilimintí faisnéise atá le cur san áireamh:

| | |
|---|---|
| 1 | Déanamh (trádainm an mhonaróra) |
| 2 | Catagóir na feithicle (M1 nó N1) |
| 3 | Ainm(neacha) tráchtála |
| 4 | Cód QR lena dtugtar rochtain ar na heilimintí faisnéise uile a dtugtar tuairisc orthu i gCuid 3 den Iarscríbhinn seo agus atá sa bhunachar sonraí táirgí le haghaidh an mhúnla feithicle a chomhfhreagraíonn don fheithicil a bhfuil an lipéad ceangailte léi nó ar taispeáint gar di. I gcás nach mbeidh faisnéis faoin múnla feithicle le fáil sa bhunachar sonraí táirgí, ní thaispeánfar an eilimint faisnéise sin. |
| 5 | Astaíochtaí $CO_2$ comhcheangailte in g $CO_2$/km<br>i gcás OVC□HEV: astaíochtaí $CO_2$ comhcheangailte ualaithe in g $CO_2$/km |
| 6 | Más infheidhme, ídiú breosla comhcheangailte in L/100km<br>i gcás OVC□HEV: ídiú breosla comhcheangailte cothaithe luchtaithe (‘CL’) in L/100km |

| | |
|---|---|
| 7 | Más infheidhme, ídiú leictreach comhcheangailte in kWh/100km<br>i gcás OVC□HEV: ídiú leictreach comhcheangailte ídithe luchtaithe ('ÍL') in kWh/100km, arna ríomh mar a leanas: ídiú leictreach comhcheangailte ÍL = ídiú leictreach comhcheangailte ualaithe * (astaíochtaí $CO_2$ comhcheangailte CL – astaíochtaí $CO_2$ comhcheangailte ÍL) / (astaíochtaí $CO_2$ comhcheangailte CL – astaíochtaí $CO_2$ comhcheangailte ualaithe) |
| 8 | Más infheidhme,<br>i gcás feithicil lánleictreach: raon leictreach in km<br>i gcás OVC□HEV: raon uile-leictreach coibhéiseach in km |
| 9 | Aicme astaíochtaí $CO_2$ mar a shainmhínítear i gCuid 1 den Iarscríbhinn seo |
| 10 | Sraithuimhir an Rialacháin seo: '202x/xxx'. |

Beidh na heilimintí faisnéise sin bunaithe ar luachanna ó dheimhniú comhréireachta na feithicle.

I gcás feithiclí áirithe, cuirfear na hathruithe seo a leanas ar ábhar an lipéid feithicle i bhfeidhm:

– I gcás feithiclí lánleictreacha: scriosfar an picteagram agus an luach le haghaidh eilimint faisnéise 6 (ídiú breosla);

– I gcás feithiclí innill dócháin inmheánaigh agus feithiclí leictreacha hibrideacha le luchtú neamhsheachtrach, scriosfar na picteagraim agus na luachanna le haghaidh eilimint faisnéise 7 (ídiú fuinnimh leictrigh) agus eilimint faisnéise 8 (raon leictreach);

– I gcás feithiclí a bhreoslaítear le hidrigin: scriosfar na picteagraim agus na luachanna le haghaidh eilimint faisnéise 7 (ídiú fuinnimh leictrigh) agus eilimint faisnéise 8 (raon leictreach), agus cuirfear kg/100km in ionad aonad an luacha le haghaidh eilimint faisnéise 6 (ídiú breosla);

– I gcás feithiclí a bhreoslaítear le gás nádúrtha agus le gás nádúrtha breis hidrigine: scriosfar na picteagraim agus na luachanna le haghaidh eilimint faisnéise 7 (ídiú fuinnimh leictrigh) agus eilimint faisnéise 8 (raon leictreach), agus cuirfear $m^3$/100km in ionad aonad an luacha le haghaidh eilimint faisnéise 6 (ídiú breosla).

Eilimintí faisnéise 5 go 9 a bheidh sna paraiméadair theicniúla a bhaineann leis an ábhar fógraíochta a luaitear in Airteagal 15a(2), an dara fomhír agus an tríú fomhír.

(b) Lipéad feithicle simplithe ('saighead aicme')







I gcás ábhar fógraíochta ar an idirlíon, mar rogha mhalartach ar an lipéad feithicle caighdeánach a bhfuil tuairisc air i bpointe A, féadfar an lipéad feithicle a thaispeáint mar ‘shaighead aicme’, mar a léirítear san fhíor thíos:

Beidh litir na haicme astaíochtaí $CO_2$, mar a shainítear i gCuid 1 den Iarscríbhinn seo, sa tsaighead aicme. Beidh dath na saigheada aicme ag teacht le dath aicme astaíochtaí $CO_2$ na feithicle ar an lipéad feithicle caighdeánach.

Na heiliminti faisnéise a dtugtar tuairisc orthu i gCuid 3 den Iarscríbhinn seo agus atá sa bhunachar sonraí táirgí le haghaidh an mhúnla feithicle a chomhfhreagraíonn don fheithicil a bhfuil an tsaighead aicme ar taispeáint ina leith, beidh siad inrochtana go díreach trí nasc gréasáin ach cliceáil ar an tsaighead aicme, ach amháin i gcás nach bhfuil faisnéis faoin múnla feithicle le fáil sa bhunachar sonraí táirgí.

(c) <u>Formáid</u>

Maidir le gnéithe nach sonraítear i bpointí A agus B thuas, leanfaidh formáid an lipéid feithicle chaighdeánaigh shimplithe na treoirlínte ábhartha a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1369.

**<u>CUID 3: Faisnéis atá le hiontráil ag an monaróir sa bhunachar sonraí táirgí</u>**

Agus faisnéis maidir le múnla feithicle á hiontráil ag monaróir sa bhunachar sonraí táirgí, soláthróidh sé na heilimintí faisnéise a liostaítear thíos. I gcás phointí 5 go 10, comhfhreagróidh na luachanna atá le hiontráil le haghaidh múnla feithicle ar leith do na feithiclí aonair ag a bhfuil na luachanna is ísle agus is airde laistigh den mhúnla feithicle sin.

| | |
|---|---|
| 1 | Déanamh (trádainm an mhonaróra) |
| 2 | Catagóir na feithicle (M1 nó N1) |
| 3 | Ainm(neacha) tráchtála |
| 4 | Aitheantóir an mhúnla feithicle: Cineál, Malairt, Leagan |
| 5 | Astaíochtaí $CO_2$ comhcheangailte in g $CO_2$/km<br>i gcás OVC□HEV: astaíochtaí $CO_2$ comhcheangailte ualaithe in g $CO_2$/km |
| 6 | Más infheidhme, ídiú breosla comhcheangailte in L/100km |

| | |
|---|---|
| | i gcás OVC□HEV: ídiú breosla comhcheangailte CL in L/100km |
| 7 | Más infheidhme, ídiú leictreach comhcheangailte in kWh/100km<br>i gcás OVC□HEV: ídiú leictreach comhcheangailte ÍL in kWh/100km, arna ríomh mar a leanas: ídiú leictreach comhcheangailte ÍL = ídiú leictreach comhcheangailte ualaithe * (astaíochtaí $CO_2$ comhcheangailte CL – astaíochtaí $CO_2$ comhcheangailte ÍL) / (astaíochtaí $CO_2$ comhcheangailte CL – astaíochtaí $CO_2$ comhcheangailte ualaithe) |
| 8 | Más infheidhme,<br>i gcás feithicil lánleictreach: raon leictreach in km<br>i gcás OVC□HEV: raon uile-leictreach coibhéiseach in km |
| 9 | Mais tástála in kg |
| 10 | Uasmhéid dearbhaithe le haghaidh turas iomlán astaíochtaí fíorthiomána: NOx in mg/km agus Cáithníní (líon) |
| 11 | Más infheidhme, Aicme feithicle (leictrí) hibridí |
| 12 | Más infheidhme, Breosla |
| 13 | Dáta deiridh tháirgeadh an mhúnla feithicle (nuair is eol é) |

Ina theannta sin, féadfaidh an monaróir na heilimintí faisnéise roghnacha seo a leanas a iontráil:

| | |
|---|---|
| 14 | Astaíochtaí $CO_2$ ar feadh shaolré na feithicle, arna ríomh agus arna dtuairisciú de réir na modheolaíochta a luaitear in Airteagal 7a(2), nuair a bhunófar an mhodheolaíocht sin |
| | |
| 15 | 'Déanta san Aontas Eorpach' (tá/níl), de réir an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear in Airteagal 15a, mír 7 |
| 16 | Feithicil leictreach bheag mar a shainaithnítear i gcomhréir le pointe 2.4 de Chuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/858 |

'.